Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13325/25

LIMITE

ENER 468

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Slándáil agus athléimneacht fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive agus tábhacht straitéiseach a gcomhtháthaithe i margadh fuinnimh an Aontais<br>- Seisiún tuairimíochta |

I bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 20 Deireadh Fómhair 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le slándáil agus athléimneacht fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive agus tábhacht straitéiseach a gcomhtháthaithe i margadh fuinnimh an Aontais.

# Slándáil agus athléimneacht fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive agus tábhacht straitéiseach a gcomhtháthaithe i margadh fuinnimh an Aontais

PUBLIC

## Dearcadh i leith slándáil fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive

Leanann cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin d'iarmhairtí tubaisteacha a imirt ar dhaonra, ar gheilleagar agus ar fheidhmeanna sochaíocha na hÚcráine – go háirithe ar earnáil an fhuinnimh. Mar thoradh ar na hionsaithe spriocdhírithe a rinneadh arís agus arís eile, tá scrios forleathan déanta ar an mbonneagar táirgthe, giniúna, tarchurtha agus dáileacháin. Fágann an méid sin go bhfuil dúshlán práinneach, idir dhaonnúil agus theicniúil, romhainn. Is bacainn fhadtéarmach é freisin ar chóras fuinnimh inbhuanaithe agus nua-aimseartha a atógáil atá ailínithe le margaí an Aontais agus ullmhaithe lena chomhtháthú le margaí an Aontais i gcomhréir le cuspóirí an Chomhphobail Fuinnimh.

Tá na dúshláin phráinneacha atá le sárú ag an Úcráin sula dtiocfaidh an geimhreadh san ainmhéid. Tá saoráidí stórála gáis neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann le hionsaithe breise; tá deacrachtaí ann a bhaineann le maoiniú, leibhéil líonta, agus athléimneacht theicniúil. Éilíonn na nithe seo cúnamh chun an soláthar intíre a chobhsú agus, ag an am céanna, a chur ar chumas na hÚcráine rannchuidiú leis an gcóras Eorpach i gcoitinne. Bíodh sin mar atá, leanann eangach fuinnimh sioncrónaithe na hÚcráine de bheith ag feidhmiú faoi bhagairtí leanúnacha. Is den riachtanas an ghiniúint dhíláraithe a neartú, dlús a chur le hinfheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, in éifeachtúlacht agus stóráil fuinnimh, agus an bonneagar criticiúil a dhaingniú le haghaidh ullmhacht láithreach don gheimhreadh agus le haghaidh phróiseas fadtéarmach an téarnaimh, na hatógála agus an chomhtháthaithe i margadh an Aontais. Anuas air sin, tá ról lárnach ag na táirgí ola a allmhairítear as an Aontas agus ag na stoic ola d'oibríochtaí míleata ar an ábhar gur scrios an Rúis an t-aon scaglann ola bhí ag an Úcráin. Ina theannta sin, tá staid sábháilteachta agus slándáil núicléach na hÚcráine – ag gléasra cumhachta núicléiche Zaporizhzhia (ZNPP) agus ag saoráidí núicléacha eile – i mbaol go fóill mar gheall ar ghníomhaíochtaí míleata na Rúise agus ar fhorghabháil ZNPP.

Cé nach ionann an léirscrios céanna sa Mholdóiv, tá sí, mar sin féin, thíos go mór le cogadh foghach na Rúise. Tá spleáchas na Moldóive ar sholáthairtí gáis na Rúise agus ar allmhairí leictreachais ó réigiún Thras-dnístria na Moldóive ag dul siar i bhfad sa stair, rud a d'fhág an Mholdóiv thar a bheith oscailte nuair a cuireadh isteach ar na soláthairtí sin agus ar bhain iarmhairtí tromchúiseacha sóisialta agus eacnamaíocha leo. Ach in ainneoin na ndúshlán sin ar fad, féach go bhfuil céimeanna tábhachtacha glactha ag an Moldóiv i dtreo athléimneacht fuinnimh agus comhtháthú níos fearr i margadh fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Tá dul chun cinn nithiúil bainte amach aici cheana féin – sioncrónú eangach fuinnimh le córas cumhachta leictrí ilchríochach na hEorpa, soláthairtí gáis ón Rúis éagsúlaithe, idirnaisc neartaithe, athchóirithe curtha chun cinn faoi chreat an Chomhphobail Fuinnimh, agus acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite leathnaithe agus dlús curtha le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Beidh cúnamh leanúnach an Aontais ríthábhachtach ar mhaithe leis an gcobhsaíocht a chaomhnú, na hathchóirithe a chothú, agus cóineasú breise le margadh fuinnimh an Aontais a dhaingniú. Mar fhocal scoir, is féidir leis na stoic ola athléimneacht na Moldáive a neartú ar an ábhar go n-allmhairítear gach táirge ola.

PUBLIC

**Tábhacht straitéiseach a gcomhtháthaithe i margadh fuinnimh an Aontais**

Ní hamháin gur gné ríthábhachtach dá gconair Eorpach i gcoitinne é comhtháthú na hÚcráine agus na Moldóive i margadh fuinnimh an Aontais a dhoimhniú, ach is rannchuidiú straitéiseach é freisin ar mhaithe le slándáil agus athléimneacht fuinnimh chomhchoiteann na hEorpa. I ndáil leis an méid sin, is ar na hiarrachtaí leanúnacha a chuirtear an bhéim – faoi chreat an Chomhphobail Fuinnimh – slándáil agus athléimneacht fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive a chomhtháthú go hiomlán i margadh fuinnimh an Aontais faoi 2027. Bíodh a fhios go bhfuil an sprioc seo uaillmhianach, tá sé indéanta ar an gcoinníoll go ndéanfaidh an Úcráin agus an Mholdóiv an pacáiste um chomhtháthú leictreachais a thrasuí go hiomlán, agus go leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit dá dtiomantas féin agus dá dtacaíocht don Úcráin agus don Mholdóiv.

Cé go bhfuil an próiseas a bhaineann le lánpháirtiú san Aontas éilitheach, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Úcráin agus ag an Moldóiv cheana féin. I mí Iúil 2025, rinne an Coimisiún Eorpach scagadh ar chaibidlí fuinnimh an *acquis* leis an dá rialtas; is céim ríthábhachtach í seo san ullmhúchán don chaibidlíocht maidir le haontachas. Cé gur faoi shainchúram na Comhairle Gnóthaí Ginearálta a thagann an próiseas aontachais, tá dlúthbhaint ag iarrachtaí na hÚcráine agus na Moldóive ailíniú le reachtaíocht fuinnimh an Aontais lena bhfuil ar bun i dtaca leis an gcomhtháthú i margadh fuinnimh an Aontais. Cuidítear, dá réir sin, leis an tslándáil agus an athléimneacht fuinnimh a neartú – réimsí ina bhfuil ról lárnach ag an gComhairle Fuinnimh i gcomhar le hiarrachtaí leanúnacha an Chomhphobail Fuinnimh.

Bíodh sin mar atá, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú. Tá cúnamh polaitiúil, airgeadais agus teicniúil inbhuanaithe ríthábhachtach i gcónaí – ní hamháin chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí láithreacha an chogaidh, ach ar mhaithe le córais fuinnimh athléimneacha, nua-aimseartha agus atá réidh don Aontas a atógáil agus a fhorbairt.

PUBLIC

Chuige sin, iarrann Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar an gComhairle Fuinnimh páirt a ghlacadh i bplé straitéiseach maidir le cé mar is féidir tacú le hearnálacha fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Áirítear leis sin an deis a thabhairt don Úcráin agus don Mholdóiv aird a tharraingt ar na dúshláin shonracha atá rompu agus céimeanna nithiúla a shainaithint trínar féidir leis an Aontas tacaíocht éifeachtach a thabhairt dóibh. Beidh sé ríthábhachtach córais fuinnimh athléimneacha atá ailínithe leis an Aontas a thógáil san Úcráin agus sa Mholdóiv chun dul chun cinn fóinteach a dhéanamh i dtreo an gcomhtháthaithe. Ag an am céanna, neartóidh na hiarrachtaí sin cobhsaíocht agus slándáil chóras fuinnimh na hEorpa ina iomláine.

**Na príomhcheisteanna atá le plé**

1. Cad iad na bearta breise is féidir leis an Úcráin agus leis an Moldóiv a dhéanamh chun a n-earnálacha fuinnimh a ailíniú le rialacha, caighdeáin agus cleachtais an Aontais? Cé mar is féidir leis na Ballstáit tacú leis na hiarrachtaí sin eadhon, aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí práinneacha ach freastal ar riachtanais fhadtéarmacha maidir leis an tslándáil agus athléimneacht fuinnimh agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan?

2. Cé mar is féidir leis an Úcráin agus leis an Moldóiv rannchuidiú go straitéiseach le forbairt agus le hathléimneacht in aontas fuinnimh an Aontais, go háirithe maidir leis an tslándáil fuinnimh, leis an éagsúlú, agus le comhtháthú san fhuinneamh glan?